



BAILIGÍ NA DUILLEOGA ÓRGA SAN FHÓMHAIR!

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Smaointí Smokie - III	2
An tubaiste sa ghleann	3
Scéal grinn	3
Comhtharlúint sna sléibhte	4
An bhfaca tú scannán maith ar na mallaibh?	4
Turas go Sasana - réamhrá	4
Turas go Sasana - I	5
Sodar Máire	6
Fionnadh Dubh	6
Na míonna in Albain	6
An Bhreatnais - III	7
Cluichí le páistí i mBaile Loch	8
Agallamh ar Neamh	9
Aois an ghliomaigh?	9
An ceann eile	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Gaeilge ghlan - Gaeilge cheart	11
Cluiche Corr	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 5 MEÁN-DEIREADH FÓMHAIR 2016

FÍORGHAELAR LÁR

I ngach eagrais bíonn an móramh a fhanann ciúin agus an bhaicle bheag a bhíonn gníomhach. B'fhear gníomhaíochta i gcónaí é Diarmuid Ó Súilleabháin a fuair bás, 21 Deireadh Fómhair 2016. Ba fhíor-shaoránach (**citizen**) é a d'oibrigh go deonach ar son a phobail. Bhí spéis mhór aige sa dúlra. Chaith sé na blianta ag stocaireacht (**canvassing**) ar son an Chomhaontais Ghlais agus ag cabhrú leo a gcuid polasaithe a chur le chéile. Bhí sé ina stiúrthóir ar Chumann Pobail Na Scéirí sna nóchaidí agus bhí baint aige leis an eagrais, Crann Phádraig. Bhí sé lán de smaointe agus de bhearta nuair a d'éirigh sé as obair le Bord Soláthair an Leictreachais, ach faraor, bhuail scléaróis iolrach (**multiple sclerosis**) é. Tréimhse dhea cair dhorcha a bhí ann dó ach le cabhair a mhná céile, Peggy, agus lena spiorad dochloíte féin níor ghéill sé don ghalar.



Bhí grá ag Diarmuid don Ghaeilge óna óige nuair a d'fhreastal sé tamall ar scoil i mBaile an Fheirtéaraigh. Shocraigh sé a fhuinneamh a chur isteach i gcur chun cinn na Gaeilge sna Scéirí. Bhunaigh sé Ciorcal Comhrá sa *Bus Bar* i 2012. Chuir sé fáilte roimh gach duine, tosaitheoirí agus cainteoirí líofa ina measc. Bhí sé ina threoraí dóibh uile á ngríosú le stór focal, le nathanna cainte, le hamhráin agus le naisc Ghaelacha ar an idirlíon. Ní ba dhéanaí thosaigh sé a "chaifé craiceáilte" sna Scéirí agus d'fhreastal sé ar mhaidineacha caife eile i bhFine Gall (Domhnach Bat, Baile Brigín, Sord, Mullach Íde agus Binn Éadair). D'éirigh leis, in ainneoin a chathaoireach rothaí, cuairteanna a thabhairt le muintir na maidineacha caife go Béal Feirste, Dún Phádraig, Ard Mhacha agus Conamara chun bualadh le Gaeilgeoirí na gceantar sin.

Bhí sé beartaithe ag Diarmuid, sular éag sé, Ciorcal Comhrá a thosú maidin Shathairn sa chlub áitiúil CLG agus iarracht a dhéanamh mic léinn Ardteistiméireachta a mhealladh chuige. An bhfuil Gaeilgeoirí Fhine Gall réidh chun an obair sin a chur ar aghaidh? Sin a bheadh ag teastáil ó Dhiarmuid. Ár gcomhbhrón dá bhean chéile Peggy agus dá mhic Diarmuid, Shane agus Eoghan. Ar dheis Dé go raibh ainm dílis Gaelach Dhiarmuid. Braithfidimid uainn é.

CEACHT BEAG GAEILGE: AN CRÍOCHNÚ (ENDING) “-LANN”



Ciallaíonn “lann”, “suíomh/talamh/foirgneamh/teach” (“site/ground/building/house”). Tá sé an-fhónta (**very useful**) mar iarmhír (**suffix**), mar shampla: amharclann - **theatre** (amharc: **look, vision**); bialann - **restaurant** (bia: **food**); cógaslann - **pharmacy** (cógas: **medicine**); drioglann - **distillery** (driog: **distil**); eachlann - **mews** (each: **horse**); grúdlann - **brewery** (grúdaigh: **to brew**); iarsmalann - **museum** (iarsma: **relic**); leabharlann - **library** (leabhar: **book**);


marbhlann - **morgue** (marbh: **dead**); naíolann - **crèche** (naíon: **infant**); pictiúrlann - **cinema**, (pictiúr: **picture**) - ceapaim go mbeadh scannánlann (scannán: **film**) i bhfad níos fearr anseo!

SMAOINTÍ SMOKIE - III

Brid Brien

Ach ní raibh an méid sin áidh orm. Rinne mo mháthair cinnte de sin. “*Bhuel, Smokie!*” ar sise, ag tiontú thart le bánaí a dhéanamh liom (**to pet me**). “*Tá tú ag dul ar aghaidh go han-mhaith (doing very well). Fan istigh ansin (hang in there) tamall beag eile. Tá muid beagnach ansin.*” Chuir na focail chinnte ar mo shuaimhneas mé agus thit mé i mo chodladh ach nuair a mhúscaíl mé, thug mé faoi deara (**noticed**) nárbh é seo an gnáthbhealach chuig teach na gcat. Ní raibh. Bhí sé níos faide agus ní raibh comhartha ar bith againn stad. Bhí mé ag éirí inníoch, nuair go tobann, stad an carr. “*Tá muid anseo, a Smokie,*” arsa mo mháthair, sular ghlac sí agus m’athair bomaite (**minute**) nó dhó, sula ndeachaigh siad amach as an ghluaisteán.

Chonaic mé iad ag imeacht as m’amharc sular thóg mé mo shúile suas go mall ar an teach mór a bhí os mo chomhair amach (**in front of me**). Ansin, thit mo shúile ar chat ard tanaí dubh ina sheasamh ag an doras tosaigh. Thiocfadh liom insint (**could tell**) go raibh sé chomh bréagach leis na luchóga bréige a bhí crochta ar mo chuaille-scrábála (**scratching-post**). Sula raibh faill (**opportunity**) agam na ceisteanna a chur, “*Cá bhfuil mé agus cén fáth go bhfuil mé anseo?*” osclaíodh na doirse ar chúl an ghluaisteáin, agus d’imigh gach aon rud a bhí agam isteach sa teach.



Bhí mé féin agus an cás fágtha go dtí an deireadh agus thóg m’athair isteach mé, cosúil le banríon, go dtí an seomra is deise dá bhfaca mé riamh. Bhí tolg leathair corcra ann agus cathaoireacha uillinne (**armchairs**) móra cosúil leis agus bratóg (**throw**) ghalánta ina luí trasna orthu. Léim gach aon chineál de phriosanna agus de bhoird amach os mo chomhair, agus thíos fúthu, chonaic mé loirg scríbe greanta (**scratch marks etched**) ar an urlár adhmaid ó pheataí eile a bhí ann roimh ré. Ní thiocfadh liom fanacht le mo chuid féin a chur leo. Bhí fonn eachtraíochta (**desire for adventure**) orm ach ní dhéanfainn aon rud inniu. Amárach, go cinnte.

Le linn (**while**) do gach duine a bheith i mbun comhrá, thug mé faoi deara go tobann an strainséir a bhí ina suí sa chathaoir uillinne i lár an tseomra, nuair a d’iarr sí mé a fheiceáil. Láithreach bonn, chuir m’athair an cás ar an urlár agus, á thiontú chuige féin, d’oscail sé an doras, ag súil go rithfinn amach agus fáilte a chur roimpi. Níor léim. Ansin dúirt an strainséir, bean ard fhionn thanaí, “*Tabhair am di socrú síos. Tiocfaidh sí amach nuair a bheidh sí réidh.*” Bhí a fhios ag duine éigin cad é an mothú a bhí orm. Dúirt sí fosta, “*Cén fáth nach gcuireann tú í ar an leibhéal céanna le gach duine sa seomra?*” Ag éisteach leis an chaint seo, thóg m’athair an cás in éadan a thola (**reluctantly**) ar a ghlúine, choimeád sé é tiontaithe (**turned**) ag amharc air féin agus stán sé (**stared**) díreach ormsa. Ar feadh bomaite nó dhó, chonaic mé an phian ina chuid súl. Cén fáth go raibh sé brónach agus cén fáth nár éist sé leis an chomhairle a thug an strainséir dó?

AN TUBAISTE SA GHLEANN


Pádraig Mac Éil

Caoga bliain ó shin ar an 21 Deireadh Fómhair 1966 tharla ceann de na droch-imeachtaí ba mheasa riamh i stair na Breataine Bige i mbaile beag, Aberfan, cóngarach do Merthyr Tydfil. Tar éis roinnt laethanta de bháisteach throm tharla turnamh ([subsidence](#)) i gcarnán gualscealla ([coal shale tip](#)) a bhí lonnaithe ar Mynydd Merthyr, talamh ard díreach os cionn an bhaile. Shleamhnaigh an carnán síos fána na talún mar shruth draoibe ([slurry](#)). Scríos sé feirm agus fiche teach sraithe ([terraced houses](#)) sular bhuail sí taobh tuaisceartach bhunscoil Pantglas agus cuid den mheánscoil a bhí in aice léi. Leagadh na foirgnimh agus líonadh na seomraí ranga le láib thiubh agus smionagar ([debris](#)) 10 méadar (35 troithe) ar doimhneacht. Maraíodh 116 pháiste agus 28 duine fásta sa tubaiste sin. Bhí ar phobal Aberfan troid ar feadh na blianta sular tógadh carnáin ghualscealla eile óna cheantar.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí ceathrar san eitleán liántiomáinte, an píolóta, dlíodóir, sagart agus gasóg. Go tobann thosaigh an t-eitleán ag crith agus ag titim agus bhí lasracha le feiceáil ag teacht as an inneall sa sciathán ar dheis. “Go sábhála Dia sinn! Táimid ag tuairteáil”, a scread an píolóta, “agus níl ach trí pharaisiút againn. Tá páistí óga agam sa bhaile agus tá mo bhean chéile tinn. Caithfidh mé bheith ann dóibh”. Rug sé greim ar pharaisiút, d’oscail sé doras an eitleáin agus léim sé amach ag béiceadh, “lean orm.” Dúirt an polaiteoir, “is mise an polaiteoir is cliste in Éirinn agus ní féidir leis an tír dul in inmhe gan mise i gceannas. Tá mo shaol níos tábhachtaí ná bhur saolta agus tá mé i dteideal pharaisiúit.” agus leis sin sciob sé ceann agus as an doras leis. D’fhéach an sagart ar an ngasóg. “Tá do shaol iomlán romhat agus tá mise meán-aosta agus réidh don bhás. Tóg an paraisiút deireanach agus anois is arís le linn do shaoil abair paidir ar son m’anama bhoicht”. “Ná bí buartha, a Athair”, d’fhreagair an ghasóg, “is féidir leis an bheirt againn teacht slán ón tubaiste seo.” “Ach níl ach paraisiút amháin fágtha”, arsa an sagart, “mar sin conas is féidir leis an bheirt againn éalú?” “Mar go bhfuil dhá pharaisiút fós againn toisc gur léim an polaiteoir is cliste in Éirinn amach as an eitleán le mo mhála droma air in ionad paraisiúit!”



Foclóirín

eitleán liántiomáinte - [propeller driven aeroplane](#); píolóta - [pilot](#); dlíodóir - [lawyer](#); sagart - [priest](#); gasóg - [scout](#); go tobann - [suddenly](#); ag crith - [shaking](#); ag titim - [falling](#); lasracha - [flames](#); inneall - [engine](#); sciathán - [wing](#); Go sábhála Dia sinn! - [May God save us!](#); scread - [screamed](#); paraisiút - [parachute](#); caithfidh mé - [I have to](#); bheith ann - [be there](#); rug sé greim ar - [he grabbed hold of](#); ag béiceadh - [shouting](#); lean orm - [follow me](#); is cliste - [the smartest](#); dul in inmhe - [prosper](#); i gceannas - [in charge](#); níos tábhachtaí - [more important](#); i dteideal - [entitled to](#); sciob sé - [he snatched](#); iomlán - [whole](#); meánaosta - [middle-aged](#); réidh don - [ready for](#); paidir - [prayer](#); anam - [soul](#); buartha - [worried](#); is féidir - [can](#); teacht slán - [survive](#); tubaiste - [disaster](#); fágtha - [left](#); conas is féidir - [how can](#); éalú - [escape](#); fós - [still](#); mála droma - [backpack](#); in ionad - [instead of](#);



COMHTHARLÚINT SNA SLÉIBHTE

Seán Ó Fearghail

Lá amháin i lár an tSamhraidh tríocha bliain ó shin bhí mé ag siúl i sléibhte Chill Mhantáin le cúpla cara. Leath an bhealaigh thuas Dioghais (Djouce) stop mé chun breathnú ar an radharc. Thóg mé mo léarscáil amach ó phóca mo chóta agus chaith mé nóiméad nó dhó ag cur ainm ar gach sliabh a bhí le feiceáil. Ach, nuair a bhí an léarscáil á cur ar ais i mo phóca agam thug me faoi deara nach raibh mo chuid eochracha ann. De ghnáth choimeádainn na heochracha sin sa phóca céanna ina raibh mo léarscáil an lá sin - eochair an tí, eochair mo rothair agus eochair na oifige. D'fhéach mé síos ar an talamh díreach san ait chéanna a dtitfidís dá dtarraingeoinn amach leis an léarscáil iad. Chrom mé síos agus fuair mé cloigín eochrach ar an talamh, agus iad clúdaithe le fraoch. Ach ní mo chuid eochracha a bhí iontu agus nuair a sheas mé suas agus mé ag féachaint orthu chonaic mé go raibh fear ag seasamh in aice liom. Strainséir a bhí ann, nach raibh inár ngrúpa beag, agus mhínigh mé dó cad a tharla. D'fhéach sé ar na heochracha agus dúirt sé, “*Is le Joe Murphy* iad, tá eochair Yale agus eochair Toyota ann*”. Mar a tharla, bhí seanaithne agam ar an Joe Murphy céanna, agus bhí fhios agam gur chaill sé a chuid eochracha áit éigin idir Dioghais, Cnoc an Bhairr (**War Hill**) agus Málainn (**Maulin**) sé mhí roimhe sin i lár an Gheimhridh nuair a bhí an talamh clúdaithe le sneachta. Lean an fear, “*Tá mé i mo chónaí i dteach Joe, i seomra atá curtha amach ar cíos aige*”. Thug mé na heochrach do mo dhuine agus ní fhaca mé riamh arís é. Tamall ina dhiaidh sin dúirt Joe Murphy liom gur tháinig an fear sin abhaile tar éis na siúlóide, gur chuir sé an eochair sa ghlas agus gur oscail sé an doras leis. Níor fhan sé ach cúpla mí i dteach Joe. Cad faoi mo chuid eochracha féin? Thit siad trí pholl beag sa phóca agus bhí siad istigh i líneáil mo chóta an t-am ar fad!

*Joe Murphy – ní a ainm ceart é sin.

AN bhFACA TÚ SCANNÁN MAITH AR NA MALLAIBH

Máire Blundell

Chonaic mé dhá scannán mhaithe le déanaí. B'é “*Bridget Jones's Baby*” an chéad cheann. Tá sé an-ghreannmhar ach níl sé ar fheabhas (**excellent**) mar tá an scéal i bhfad ón bhfirinne. Tá Bridget (Renée Zellweger) ag iompar clainne (**pregnant**) ach níl fhios aici cé hé athair an linbh, dlíodóir an-cháiliúil (Colin Firth) nó fear deas saibhir ó Stáit Aontaithe Meiriceá (Patrick Dempsey). Tá siad araon (**both**) i ngrá le Bridget agus bíonn an bheirt fhear in aice léi nuair a bheirtear an leanbh (rud atá dochreidte (**unbelievable**), dar liom).



B'é “*Cré na Cille*” an dara scannán a chonaic mé. Bhí an ceann seo ar TG4 oíche amháin. Ceapaim go raibh sé an-mhaith. Cóiriú drámaíochta d'úrscéal cáiliúil Mháirtín Uí Cadhain atá ann. Rinneadh an scannán i gConamara, a áit dhúchais. Bhí an scéal an-ghreannmhar freisin agus bhí an príomhaisteoir, Bríd Ní Neachtain ar fheabhas. Fuath agus éad, sa bheatha seo agus sa reilig tar éis an bháis, na mothúcháin ba threise a bhí le feiceáil sa scannán.

Tríocha milliún euro a caitheadh chun “*Bridget Jones's Baby*” a dhéanamh. Níl fhios agam cé mhéad a caitheadh ar “*Cré na Cille*” ach tá sé níos fearr, i mo bharúil!

TURAS GO SASANA - RÉAMHRÁ

Micheál Ó hAoláin

Diarmuid Ó Súilleabháin a d'iarr orm alt a scríobh don “*ATÓT*”. Bhí leisce orm é a dhéanamh mar ní aon scríbhneoir mise. B'fhéidir nach mbeadh an líofacht nó an cruinneas agam. Ach is duine thar an gnáth é Diarmuid, Fíor laoch Gael, agus is iontach ar fad an méid oibre a dhéanann sé ar son na Gaeilge. Is eisean a thugann an spreagadh dúinn uilig sa Chiorcal Gaeilge. Is deacair diúltú dó. Mar sin tá sé chomh maith agam tosú.

TURAS GO SASANA - I: COVENTRY & NA COTSWOLDS Micheál Ó hAoláin

Chuaigh mé féin agus mo bhean chéile ar thuras gairid go Sasana i mí Iúil seo caite. Is le *Pab Tours* a chuamar. An chéad mhaidin d'éiríomar le breacadh an lae mar bhí orainn bheith i láthair i 53 Sráid na Mainistreach Láir ar 6.45 am. Isteach linn sa chóiste agus siúd linn go dtí an Port Thoir. Ba le *Stena Line* a bhíomar ag taistil agus ba ghairid go rabhamar uilig agus an cóiste ar an *Stena Adventurer* agus sinn ar ár mbealach go Hollyhead. Bhí an t-ádh linn mar lá breá griannmhar a bhí ann agus an t-aigéan go deas, mín, séamh. Thógamar an bricfeasta gan eagla ar bith go mbeadh tinneas farraige orainn. Sheolamar isteach go Hollyhead ag am lóin. Isteach linn sa chóiste agus ar aghaidh linn amach ar an A55 i dtreo Bangor. Go ginearálta tá an radharc agus an tír máguaird an-chosúil le gach atá againn in Éirinn. Nuair a d'fhéachas síos ar Bá Colwyn cheapas go raibh mé cois trá i gCill Mhantáin nó i Loch Garman. Ag gabháil dúinn thar droichead ard Britannia d'fhéachas síos ar an uisce i bhfad fúinn. Bhí oileán beag



gleoite amach uainn agus gan ach teach breá amháin ann. Bhí a chaladh féin aige agus luamh galánta ar snámh sa chuan. N'fheadar cé leis? Le Tom Jones a dúirt an tiománaí nó b'fhéidir le Garret Bale! Ag magadh a bhí sé gan dabht. Shroicheadar Coventry ag a chúig a chlog um thráthnóna. Turas de céad is seachtó cúig mhíle a bhí déanta againn agus geallaimse duit go rabhamar tuirseach traochta. Fuaireamar seomra breá compórdach

in Ostán Britannia agus tar éis sosa bhig is cithfholcadh bhíomar réidh don dinnéar agus chun dul ag taiscéaladh na cathrach. Thugamar turas ar Ardeaglais Mhichíl. I ndáiríre tá dhá Ardeaglais ann, an seancheann agus an ceann nua. Sa bhliain 1940 rinne an Luftwaffe ionsaí milteanach ar Coventry. Scaoileadh na céadta buama anuas ar an sean Ardeaglais. Is míorúilt Dé nár scriosadh san iomlán í. Anois fós tá na fallaí agus cúpla spuaic ina seasamh go móralach. Tá sórt draíocht ag baint leis an áit. Daoine stuama tuisceanacha a shabháil an fothrach mar shampla de bhaois na chogaíochta.



An mhaidin dár gcionn tar éis codlata sháimh, cithfholcadh fionnuartha is bricfeasta beathúil bhíomar ar ár mbealach go dtí na Cotswolds. Níorbh fhada go rabhamar amuigh i gceartlár na tuaithe, an bóthar ag éirí in airde go rabhamar ocht gcéad troigh thar leibhéal farraige. Is gairid gur shroiseamar *Burton-on-the-Water*. Sampla breá de na céadta baile is sráidbhaile atá suite sa réigiún gleoite seo. Tá clú agus cáil air mar bhaile margaidh.



Bhí an t-ádh linn mar bhí margadh ar siúl an lá sin. Bhí lá dár saol ag na mná a bhí ar ár dturas mar bhí earraí de chuile sórt le ceannach. Bhíos ag caint le cuid de na daoine a bhí i mbun na stáiníní margaidh. Rugadh agus tógadh cuid díobh san áit, ach bhí roinnt mhaith a bhí éirthe as cúrsaí ghnóthaí i Londain

agus áiteanna eile, agus a bhí tar éis cur fútha san áit álainn chluanach sin. Is iad a bhí sona, sásta leo féin. Tar éis lóin thugamar cuairt ar an monarcha "*Cotswold Perfumery*", ionad ina ndéantar cumhracht speisialta phearsanta do Bhanríon Eilís a Dó. Um thráthnóna thriallamar ar Chaisleán Warwick. Tá sé suite ar an abhainn Avon. B'é Liam Concar (*William the Conqueror*) a thóg é sa bhliain 1086. Tá athrú mór tagaithe air leis na blianta. Tugann breis is leath mhiliún turasóir cuairt air gach bliain. Is ann a léirítear do na cuairteoirí conas a mhair na huaisle ins na meánaoiseanna. Bíonn taispeántais beo Giústála ar na bánta timpeall an chaisleáin gach lá. Ar dátaí faoi leith bíonn féastaí meánaoiseacha sa phroinnteach. Deirtear go mbíonn an chraic agus an scléip thar barr.





SODAR MHÁIRE

Derick Móicléir

(Ní finscéal na rainn seo thíos ach eachtra a tharla i ndeisceart Chiarraí, áit a raibh teachín saoire againn).

Domhnach ceathach thiar in Uíbh Ráthach,
Aifreann á léamh ag an sagart cráifeach
Nuair tháinig amhras ar mhnaoi den tslua-san
Gur fhág sí an t-anraith ar theocht gan mhúchadh!

Do shamhlaigh an t-anraith ag éirí aníos
Ag sleamhnú go meidhreach tré'n oigheann síos
Á scaipeadh féin ar lár ina linnte -
Is cá bhfios nach rachadh an teach trí thine?

Bhí Máire Ní Chathail léi i láthair
Ar chuairt ó Chorcaigh lena máthair
Aici do bhí an gluaisteán snasta
A d'alpadh na mílte slí go gasta.

Ní túisce fuair Máire cogar an scéil
Ná d'imigh go ciúin as taobh an tséipéil
Ach fuair sí a carr mar chime faoi ghlas -
Gluaisteáin ina thimpeall, gan seans dul as!

Níor staon sí puinn ón tasc bhí roimpi
Ach chruinnigh go mear an neart bhí inti
Is thriall sí ón Teampall Nua gan sos
Siar an bóthar de shiúl a cos.

Ag dul thar an tábhairne do ghéaraigh a céim
Thar Vestry na lúthchleas ba mhear a léim
Trí choillte glasa faoi cheo is ceatha
Go Tír-na-nÓg le fuinneamh reatha.

Ó Thír-na-nÓg go hionad an anraith
Le hiarracht bhreise dhein Máire a lánrith
Go bhfuair - a bhuíochas le Naomh Breandán -
An t-anraith fuar is an foirgneamh slán!

Samhlaítear a haistear ar fhaid is ar dhéine
Leis an teachtaire tapa chuir muintir Aitéine
Ag iarraidh cabhrach ar Sparta calma
I gcoinne na bPeirseach ar chlár na mara.

Nuair a nochtann seanóirí a gcuimhní cinn
Is na daoine ag trácht go buíoch binn
Ar éinne thug cabhair in am na práinne
Cuimhneoidh a gaolta ar shodar Mháire!

FIONNADH DUBH

Clare Lyons

Luíonn sé taobh liom ag bog-srannadh
ag athbheathú an lae arís ina chuimhní
a lapaí ar sceabha, ag síor-phreabarnach.

fairim fáilte roimh theas a fhionnaidh
dhuibh
a roinneann sé liom go flaithiúil,
sa chlapsholas.

NA MÍONNA IN ALBAIN *Pádraig Mac Éil*

Tá ainmneacha na laethanta i nGaeilge na hAlban an-chosúil leis na hainmneacha i nGaeilge na hÉireann. Tá éagsúlacht ann ó thaobh na téarmaí a úsáidtear do na míonna

Eanáir: *An Faoilleach (Faoilteach):* fuilleach (**remains**) an gheimhridh) – aimsir fhuar ghaofar (**windy**); aimsir an mhic tíre (faol/**wolf**).

Feabhra: An Gearran: ceann de ghaotha Mhárta; an gearrán (**gelding**) – an capall a coilleadh.

Márta: Am Márta.

Aibreán: An Giblean.

Bealtaine: *An Cèitean (A'Mhàigh, Bealltainn):* an chéad samhradh – tosu aimsir an tsamhraidh.

Meitheamh: *An tÒgmhios:* an mhí óg.

Iúil: *An tIuchar:* an tréimhse idir an samhradh agus an fómhar; an mhí the bhrothallach (**sultry**).

Lúnasa: *An Lùnastal:* féile an dé Lú.

Meán Fómhair: *An tSultain:* tréimhse na saille – deireadh an fhómhair.

Deireadh Fómhair: *An Dàmhair:* damháire (**bellowing**) na gcarrianna (**stags**); séasúr reithíochta (**rutting**).

Samhain: *An tSamhain.*

Nollaig: *An Dùbhlachd (Dùdlachd):* aimsir dhorcha mhodartha (**gloomy**).

Cad is cúis leis an éagsúlacht?



AN BHREATNAIS - III

Seán Ó Mathúna

Táim an-bhuíoch don eagarthóir as an gcuireadh a thug sé dom alt eile faoin i mBreatnais a scríobh agus as ucht an aiseolais (**feedback**) a bhfuair mé ó léitheoiri ATÓT, go mór mór Seán Ó Fearghail (SOF), agus é ag roinnt liom an méid a d'fhoghlaim sé ar an ngrodchúrsa (bootcamp) a rinne sé thall sa Bhreatain Bheag. Ní fada anois go mbeimid in ann *Borau Coffi* (BC) a eagrú in éineacht leis na gnáthmhaidineacha caife! Ach caithfidimid caint i dtús faoi na hathruithe tosaigh (AT) atá sa Bhreatnais agus an difríocht eatarthu agus an Ghaeilge.

Sa Bhreatnais úsáidtear an AT mar chonsan ionad (**substitute consonant**) don fhréamh litir (Radix) agus má fheiceann tú focal Breatnaise nach bhfuil san Fhoclóir tá an chosúlacht ann gurb é an fhoirm tar éis AT atá ann. Mar shampla má fheiceann tú na focail “gath” nó “chath” nó “nghath” ní mór a thuiscint gur AT atá ann ar an bhfocal “cath” (a chiallaíonn “cat” sa Ghaeilge nó sa Bhéarla).

Ach níl na AT ródheachair d'aon duine a bhfuil eolas bunúsach aige/aici ar an urú sa Ghaeilge. Tá cosúileacht éigin idir na AT agus an urú i nGaeilge (**soft mutations and nasal mutations have some similarity with the eclipse in Irish**). Chun an t-urú a thuiscint agus AB/AS freisin ní mór a thuiscint go roinntear na consain sna teangacha Ind-Eorpach i dtrí (3) aicme, siad sin “**déadaigh**” (**dentals**: d, t, n, l), “**liopaigh**” (**labials**: p, b, m, f) agus “**scórnúil**” (**gutturals**: c, g). Cuirtear AT ar chonsan chun cabhrú le foghraíocht (**phonetics**) ach níl sé ceadaithe aicme an chonsain a athrú, mar shampla más déadach atá ann ní mór déadach a chur leis (urú) nó déadach eile a úsáid mar chonsan ionad (**substitute consonant**). Más urú atá i gceist ar an litir “C” cuirtear “G” roimh “C” sa Ghaeilge (i gCorcaigh) ach sa Bhreatnais úsáidtear “G” in ionad “C” (“gath” in ionad “cath”).

Seo é tábla dos na **AB iomlán sa Bhreatnais** agus nóta a léiríonn an chothromaíocht leis an “urú” sa Ghaeilge. *Ní mór a thuiscint go gcaithimid an aicme den chonsan a choimeád sa AT cosúil mar a ndéantar sa Ghaeilge*

Fréamh litir (Radix)	AB sa Bhreatnais	Urú sa Ghaeilge
T	D	dT (m.s. i detach tábhairne)
C	G	gC (i gCorcaigh)
P	B	bP (i bPáirc)
D	DD	nD (déadach le déadach)
G	cailltear an litir “G”	nG
B	F	mB (liopach le liopach)
LL (délitir)	L	Ní bhíonn délitir sa Ghaeilge.
M	F (liopach in ionad liopach.	Ní chuirtear “urú le “M”
RH (délitir)	R	Ní bhíonn délitir sa Ghaeilge

Tá na rialacha maidir leis na AS (**nasal mutations**) mar an gcéanna leis na AB (thuas) ach ní bhíonn ach 6 chonsan i gceist (T, C, P, G, B, D) ach cloítear leis an riail chéanna nach n-athraítear aicme an chonsain.

Tá AA (Athrú Análach - **aspirate mutation**) an-simplí cosúil le séimhiú sa Ghaeilge- ach níl úsáid AB chomh casta agus atá an séimhiú sa Ghaeilge.

Bíonn AA ar na trí chonsain T,C,P amháin agus is iad na hAA ná TH,CH,PH- simplí go leor ní mór duit a admháil.

CLUICHÍ LE PÁISTÍ i mBAILE LOCH GARMAN

Máire De Brún

Bhí comhrá bríomhar againn le déanaí í caife craiceáilte Na Sceirí faoi na cluichí a d'imrímis nuair a bhíomar óg. Dar liom, tháinig rud aisteach, suimiúil as an gcrúinniú. Uaireanta bhí ainmneacha an-difriúil ar na cluichí i mo bhaile féin.

Rugadh agus tógadh mé i lár bhaile Loch Garman sna caogaidí. Bhí mé i mo chónaí i sráid bheag ina raibh dhá theach agus fiche, agus bí a lán lán cailíní agus buachaillí ann ag an am sin. Ní raibh aon inní ná buairt ar aon duine againn ach amháin, cérbh é an cluiche ab oiriúnaí do gach séasúr na bliana. Bhí cluichí speisialta ag na cailíní a d'imir siadsan amháin, agus cluichí eile a bhain leis na buachaillí amháin. Ó am go ham thagaimis le chéile agus is ansin a thosaíodh an rírá agus na cogáí!

Seo é **Liosta na gCluichí as Béarla a d'imríodh na cailíní:**



- **Skipping** (téadléimneach) agus na bhéarsaí go léir a tháinig leis, mar “**Vote vote vote for De Valera**” agus araoile;

- **Heck the Beds / Heckers** le bosca snáth lán de clochanna beaga ab ainm ‘**pitchie**’. **Hopscotch** (cleas na bacóide) in a lán áiteanna eile.

- Cluiche le liathróid amháin, nó, níos coitianta, le dhá liathróid.;

cluiche sár-mhaith chun do chomhordú lámh is súl (**hand eye coordination**) a fhorbairt.

- ‘**House**’ le Mamaí agus na páistí agus an chlann.

- Ag déanamh drámaí beaga le hamhráin, damhsaí agus scéalta, mar shampla. “**Cinderella**”, “**Sleeping Beauty**”.



Liosta na gcluichí a d'imríodh na buachaillí

- Peil agus Iománaíocht;

Mirlíní (**marbles**) ab ainm ‘**Taws**’ (míniú ar “**taws**”: cluiche mirlíní; nó “**taw**”: an líne óna scaoileann an t-imreoir a mirlín sa chluiche); Cluiche cogáí le saighdiúirí.; Buachaillí Bó agus Indiaigh (Meir-Indiaigh anois?)/ Apáitsigh (**Apaches**)



Uaireanta d'imrímis na cluichí le chéile agus sin scéal eile! ‘**Rounders**’ (cluiche corr—féach lth 12) saghas daorchluiche (**baseball**); Camógaíocht agus Iománaíocht; ‘**House**’ agus Apáit-sigh.

Bhí na cailíní cneasta ag imirt “**house**” i bpáirc taobh thiar de na tithe. Bhíomar ag déanamh tithe beaga le brobh luachra, leis na bábóga agus ag déanamh ‘dinnéir’ agus rudaí mar sin. Ach bhí scéim eile in intinní na nApáitseach (na buachaillí). Rinne siad ionsaí ar ár dtithe agus rinne siad iarracht ár mbábóga a mharú!!! Ó is ansin a bhíomar ag caoineadh is ag síleadh na ndeor! Má ritheamar isteach chuig ár Mhamaí ag béicigh, bhuel níor thug siad aon suntas ar bith dúinn. “*Amach libh agus bí ag súgradh*” a dhúirt siad.




Laethanta grianmhara, spleodracha, lán le samhlaíocht aoibhinn a bhí na laethanta sin, gan teilifís, gan iPad le feiceáil.



AGALLAMH AR NEAMH

Nodlaig Ó Scurlóg

Banbha: Tar éis chéad bhliain cad a shíleann tú faoin sóisialachas in Éirinn?
Séamas Ó Conghaile: Táim breá sásta leis an dul chun cinn leis na gceardchumainn ach i gcónaí tá na boic mhóra i bhfeighil: tá an idirgníomh ([interaction](#)) á thaispeáint anois, áfach, ag an Luas: mar tá an talamh agus an trealamh go léir i seilbh an Stáit ach an córas á stiúradh ag comhlacht príobháideach.



B: Agus tusa a Éamonn cad mar gheall ar an gceol?

Éamonn Ceannt: Táim níos mó ná sásta leis an spiorad atá sa tír anois ó thaobh an cheoil traidisiúnta. Tá na daoine óga ag glacadh leis gan aon bhagáiste ar nós na ndaoine i dtaobh na teanga.



B: Cad a cheapann tú faoi na hÉireannaigh anois?

É: Sílim go bhfuil a lán daoine fós faoi gheasa ([under the spell of](#)) Impireacht na Breataine agus na daoine óga faoi gheasa Impireacht na Stát Aontaithe; tá sé nádúrtha bheith faoi tionchar na tíre is cumhachtaí atá ann (SAM) ach tá an tionchar ó Shasana míshláintiúil.

B: A Shéamais ní dóigh liom go bhfuil an tír ag dul sa treo ceart faoi láthair. Cad é do thuairim faoin tír?

S: Cé nár thuig mé roimh mo bhás tuigim anois cé chomh tábhachtach is atá an teanga agus is trua nach n-aontaíonn a lán daoine leis sin fós; ach ar an taobh eile tá daoine sa tuaisceart ar an eolas agus tá siad dáiríre fuithi. Is náireach chomh maith go bhfuil dearmad déanta ag an Deisceart ar a ghaolta Éireannacha; ach ceapaim go mbeidh an réiteach ar an scéal ar deireadh leis na Tuaisceartaigh.

AOIS AN GHLIOMAIGH?

Pádraig Mac Éil

Dúirt duine liom le déanaí nach bhfaigheann gliomaigh ([lobsters](#)) bás go nádúrtha. Níor chreid mé é. Chuaigh mé i gcomhairle leis an idirlíon! Cinnte, tá sé deacair aois gliomaigh a thomhais. I 2012 tuairiscíodh córas nua chun é a dhéanamh trí bhandaí fáis san adharcán súile ([eyestalk](#)) a iniúchadh. Ceaptar go bhfuil gliomach in ann aois 70 bhliain a shroicheadh (20.15 cileagram meáchan an chinn ba mhó). Taispeánann taighde go bhfuil an einsím ([enzyme](#)) teiliméaráis ([telomerase](#)) go flúirseach i ngliomaigh fásta. I veirteabraigh ní bhíonn sí ann ach sa chéim shuthach (embryonic stage). Deisíonn teiliméaráis aigéad dí-ocsairibeanúicléasach (AND, [DNA](#)) agus b'fhéidir go bhfadaíonn sé saol an gliomaigh. Faigheann siad bás trí chreachadóirí ([predators](#)), le linn eicdise [nuair a chuireann sé ([shed](#)) an eiceachnámharlach ([exoskeleton](#))] nó nuair a stadann an próiseas sin.



ANTAEANNEILE

Deasúin Mac Gearailt


Do aí cara agam ag rá liom go raibí duine eile atá ar aione aige leac-áodar. "Múise", arsa mise, "an áfuil tú ag rá go áfuil sé boðar ar chluais aiaín dá dá chluais nó an é go áfuil éisteaçt sag aige i n-a dá chluais aige?" "Tá sé boðar ar fad i gcluais amháin giðe go áfuil sár-éisteaçt aige sa ceann eile", "Da ceann eile a deir tú! Múise más fíor go áfuil dá ceann ag an duine sin b'èéidir go áfuil cumas chisinte den scoo i ndá ceann dá chluasaia agus sár-éisteaçt sa ceann eile!"



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-23

TRASNA

SÍOS



1	yarn (6)	2	refuse (7)
5	star (6)	3	dash (4)
10	strand (3)	4	splash (6)
11	queue (7)	5	rumours (4)
12	easy (7)	6	care (4)
13	support (4)	7	taciturn (7)
14	ear (5)	8	extracted (6)
16	every (4)	10	claw (6)
18	post (3)	15	cream (7)
20	climate (6)	17	class (5)
23	fat (6)	19	thin (5)
25	perfume (7)	21	barley (5)
26	gloomy (6)	22	hardship (3)
27	priest (6)	23	race (3)
30	the (2)	24	satirize (3)
31	son (3)	26	achievement (6)
33	fish (4)	28	monster (7)
35	pudding (5)	29	choke (5)
36	badger (4)	31	small ox (6)
39	saving (7)	32	coach (6)
40	erudition (7)	34	sea-water (5)
41	place (3)	37	bit (4)
42	mushroom (6)	38	rent (4)
43	dissension (6)		



CUARDACH FOCAL 23

ainmhithe fáine 3 / wild animals 3

C	T	Á	I	P	Í	R	Í	P	Í	T	Ú	T	Í	T
A	Í	S	A	C	I	C	A	P	A	B	A	R	A	M
R	T	A	G	P	N	A	C	L	Í	M	A	P	L	A
Á	I	C	I	T	A	Í	A	R	A	S	Ú	N	T	R
B	E	A	M	Á	L	S	S	N	L	B	Á	Í	O	S
A	T	A	G	N	A	M	D	I	P	D	P	R	L	Í
P	L	A	R	U	M	U	R	M	A	G	A	I	A	N
A	L	P	Í	N	A	G	A	P	C	M	C	A	C	O
C	Í	A	T	Ó	C	R	S	L	A	Í	R	M	S	C
M	A	L	C	T	G	Í	A	S	D	C	G	A	O	A
Í	G	P	R	A	Ú	O	C	H	P	E	L	T	M	L
A	T	C	E	M	P	S	P	A	D	A	D	U	N	A
U	R	Í	P	H	D	Ú	T	Í	T	R	D	G	A	T
G	R	A	T	S	A	N	A	E	A	G	R	A	M	Í
Í	A	T	A	Ó	C	Ú	P	H	D	A	C	I	N	T

		alpaca (alpaca)	marmaisín (marmoset)
		cadhpú (coypu)	osalat (ocelot)
		capabára (capybara)	sacaí (saki)
		cótaí (coati)	spadán (sloth)
		gríosún (grison)	taipir (tapir)
		iaguar (jaguar)	tamairín (tamarin)
		láma (llama)	tamandua (tamandua)
		margae (margay)	títí (titi)

GAEILGE GHLAN - GAEILGE CHEART Pádraig Ó Muircheartaigh

Bhunaíomar eagrais nua le déanaí, ‘*Gaeilge Ghlan Cheart*’, chun cosc a chur le truailliú na Gaeilge. Inár dtuairimí tá an iomarca Béarlachais ag déanamh dochair don Teanga. Is mionteanga í an Ghaeilge agus mar sin, nuair a tharlaíonn truailliú di, bíonn tionchar i bhfad níos mó uirthi ná ar na mórtheangacha. Muna ndéantar gníomh éigin chun dul i ngleic leis seo, gheobhaidh ár dTeanga bás. Creidimid nach mbeidh inti ach iarlais (worthless thing).

Mar sin, tá taighde ar siúl againn chun measúnú a dhéanamh ar thuairimíocht i measc phobal na tíre i dtaobh an chlaonta seo. Tá feachtas ar siúl againn deireadh a chur leis na drochnósanna seo, agus an Ghaeilge a ghlanadh, agus Gaeilge cheart, iomlán saibhir a chur chun cinn sa todhchaí, do na glúine amach romhainn. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tig linn mar eagrais labhairt le foinsí éagsúla féachaint cad iad na tuairimí atá acu faoin ábhar seo, agus an bhfuil gá le gluaiseacht mar seo, dar leo.

Tá muid go láidir i gcoinne an Bhéarlachais, agus tá muid ar son chaomhnú ár dTeanga áille. Ní foláir dúinn stop a chur le Béarlú na Gaeilge. Feictear an claonadh seo mórthimpeall orainn lá i ndiaidh lae agus muid ag léamh na Gaeilge nó ag éisteacht léi. Mar fhocal scoir, tá Gaeilge ghlan cheart de dhíth orainn, agus molaim do gach duine tacú linn, agus ár dteanga shaibhir, ársa a chosaint agus na drochnósanna nua seo a dhíbirt.

BÉARLACHAS	GAEILGE CHEART
ag blocáil - blocking	ag calcadh (pipes, etc); ag coscadh (sport)
ag bookáil - booking	ag cur in áirithe
ag canbhasáil - canvassing	ag stocaireacht
ag lánseáil - launching	ag seoladh / ag sá
ag landáil - landing	ag tuirlingt
ábalta - able	(bheith) in ann
aicsean - action	gníomh

CROSFHOCAL BG XBG-22: RÉITEACH



CUARDACH FOCAL 22: RÉITEACH

S	T	A	R	D	A	H	M	T	U	M	S	C	R	T
D	A	H	C	A	E	N	Í	C	I	É	P	O	A	A
A	R	T	O	I	S	F	Ú	I	P	É	A	R	É	R
M	B	A	R	M	U	H	B	R	A	T	B	C	N	B
S	Í	P	É	I	R	A	D	Ú	P	H	R	H	N	H
E	R	I	P	R	Ó	H	B	C	M	P	O	Ú	I	M
L	D	É	A	É	A	D	C	H	C	H	Ú	H	A	H
A	A	B	H	C	A	D	A	É	S	I	A	B	P	A
D	H	Ú	M	H	R	I	P	E	A	R	A	D	S	Í
Ú	M	M	S	U	S	R	I	É	S	N	I	P	R	N
P	T	A	P	T	O	Í	S	Ú	B	M	O	I	S	A
I	U	A	Í	Ú	O	B	R	O	C	A	I	R	E	L
L	M	N	R	I	É	Í	S	I	P	E	R	A	B	D
S	S	N	E	A	B	H	S	A	R	A	E	R	S	Ú
Í	Ú	L	A	D	U	P	U	D	I	L	Á	D	U	P

SEANFHOCAL


Níl cuimhne ar arán a itheadh inné
Eaten bread is soon forgotten

CLUICHE CORR

Pádraig Mac Éil



Bíonn a lán ábhar faoi dhíospóireacht ag na Maidineacha Caife. Le déanaí bhíomar ag caint faoi chluichí a d'imrímis nuair a bhíomar óg. Dúirt Seán Ó Meára gur imríodh sé an cluiche “rounders” le camán agus gur chluiche Éireannach a bhí ann. Níor imir mé an cluiche seo riamh - tá mé i bhfad níos óige na Seán, ar ndóigh! - ach dúirt mé gur tháinig mé ar thagairtí don chluiche i leabhair ó Shasana, gur bhain sé leis an tír sin agus go raibh sé cosúil le daorchluiche (baseball). D’fhág muid an bhialann gan an cheist a réiteach. Rinne mé taighde faoin scéal ar an idirlíon nuair a shroich mé an leabharlann. Bhí alt maith faoin gcluiche ar *Wikipedia*. Ní raibh ach abairt amháin i *Vicipéid* ach dúirt sé “is cluiche Gaelach atá cosúil le daorchluiche é cluiche corr”. Muise bhí an cluiche corr (rounders) ar cheann de na ceithre chluiche a bhí sa chéad Chairt (Charter) a chuir Mícheál Ó Cíosóig agus a chairde le chéile nuair a bhunaigh siad Cumann Lúthcleas Gael i 1884 (peil, iomáint agus liathróid láimhe na cinn eile). Ba í Éire an chéad tír ag a raibh rialacha náisiúnta don chluiche acu. Deirtear i *Wikipedia* gur imríte “rounders” i Sasana ó aimsir na dTúdarach agus go bhfuil an chéad tagairt don chluiche (faoin ainm “base-ball”) i leabhar a foilsíodh 1744. Bhí rialacha don chluiche “rounders” sa dara heagrán den leabhar i 1828 agus foilsíodh é i Stáit Aontaithe Meiriceá an bhliain dár gcionn. Bunaíodh *Rounders England* i 1943 chun an cluiche a rialú. Tháinig an cluiche corr, na leaganacha Nua Eabhrach agus Massachusetts de dhaoorchluiche, daorchluiche briotanach agus an cluiche bogliathróid (softball) go léir ó na fréamhacha céanna.




Deirtear gur fhás an daorchluiche ón gcluiche cam nó ó “base-ball” na Sasanach.

Tá rialacha éagsúla don chluiche chorr i Sasana agus in Éirinn. Tá an cluiche sa tír seo níos cosúla le daorchluiche:



www.gaarounders.ie/ckeditor_uploads/files/Rulebook (32

leathanach, i mBéarla amháin, faraor). Úsáidtear slacán (bat) agus sliotar ach ní cheadaítear miotóga (gloves). Is féidir le gabhálaí (fielder) clogad (helmet) l'aghaidhsciath (faceguard) a chaitheamh. Is é naonúr imreoirí an uimhir is mó ar gach foireann. Bíonn seal (turn) ag gach foireann bheith ag slacadh (batting) agus ag gabháil (fielding). Bíonn cúig dhreas (innings), nó seacht gcinn uaireanta, ag gach foireann. Buann an fhoireann ag a bhfuil an méid rití (runs) is mó ag an deireadh. Úsáideann an caiteoir (pitcher) urchar giolcaí (under-arm throw). Má bhuaileann an slacaí an sliotar i gceart ritheann sé/sí go dtí an chéad daoradh (first base) agus bogann a chomhimreoirí atá ar na daoraidh eile (an chéad, an dara agus an tríú) ar aghaidh. Nuair a shroicheann an t-imreoir ón tríú daoradh an daoradh baile (home base) tugtar rith (run) don fhoireann. Léigh na rialacha duit féin. Tá siad níos casta ná atá anseo!



Ní dharna an CLG mórán faoin gcluiche corr go dtí 1958 nuair a thosaigh Club *Erins Own* á imirt. Tá straitéis trí bliana (2013-2016) acu anois chun imirt an chluiche a leathnú. Is spórt don chlann uile é toisc gur féidir le cailíní agus buachaillí nó mná agus fir imirt ar an bhfoireann chéanna. B'fhéidir go dtaispeánfaidh TG4 sraith chluichí chun é a chur chun cinn. Tá níos mó cailíní/mná ag imirt an chluiche i Sasana agus tá *Rounders England* ag leathnú an chluiche ansin. Mura leathnaíonn an CLG an cluiche in Éirinn agus thar lear is faoi na rialacha Sasanacha a bheidh cluichí idirnáisiúnta sa todhcháí.